

Maith tráth do thoigheachta, a Thaidhg
[RIA 236 (B/iv/1),125b]
Ferghal Muimhneach [Ó Duibhgeannáin] cecinit
[Deibhidhe, Dán Díreach]

- 1 Maith tráth do thoighecht[a] a Thaidhg
do thurus is túar ainaird
tre iomchur na ngáothlúath nglan
tiomchol o sháorchúan Saxan.
- 2 Do thoidhecht o eing go heing
eidir Albuin is Éirind
loinn lem arr mbreith bhúaidhe dhuit
dot dreich núaidhe núadhbhuig.^s
- 3 Oirchinnigh chóigidh Chonnacht
trath dhuit bein dá mbúachallacht
'sa m(b)odhsuine ar ccúl do chur
a rún cobhsuidhe cíallmur.
- 4 Oidhre Fiodhnach fuair a-noir
'na sgribhinn leis o Lunnduin
dá ttug síos go tenn tenguigh
cíos seng ar na seinchealluibh.
- 5 Tadhg mac Taidhg mic Briain Bhuidhe
do [fh]réimh ríoghdha Rughraighe
béraidh a oirbhert inn tar ais
go hoirrderc 'nar ccill chádhaís.
- 6 Buain d'óidhrecht an fhuinn sgathaigh
ma smúain easbog Ardachaidh
cuirfidh sé síos a shochar
gan chíos ós é a ordachadh.
- 7 Sgáoilfidh ar ccíochbhrat cumhadh
sreathfaidh dhinn ar ndocamhol
lónfaidh crú chathiarsma ó cCuinn
a-nú athsiansa ionainn.
- 8 Cuirfidh sé san riocht roimhe
cealla Mhuighe Máonmhaighe
gan sgís 'na suidhe go sáimh
a-rís ón uile éccáir.
- 9 Thú fhóirfes a mbreath bhroide
is dhíochras a ndochraide
's do sgáoil dogruing a ndeacra
dot th'fhoghluim sháoir sháoidhechta.
- 10 Thu a bhfurtacht a n-am eigne
is cabhair a ccoimhéigne
thú a n-aonndóich don uile fher
cuire cáomhshlóigh dar ccóigeadh.
- 11 Thú aonláigh leighis a luit
a áirsigh do chrú Cormuic
thú an t-aon do fhóir orra
nar chláon cóir ach comhtroma.

- 12 Ó Roduighe run treórach
 ar tTadhg feasach fíreólach
 mac Núathladha nar ghlac goimh
 ar mbrat súanfadha sochraidh. Maith...